## Comhairle Chontae na Gaillimhe

## Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6

### Cinneadh maidir le Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí

Tá tuarascáil measúnachta ullmhaithe ag Scott Cawley Ltd., thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar fhaisnéis don Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí dar teideal ("Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí) do Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6, ar plean nó tionscadal é ar mian le Comhairle Chontae na Gaillimhe (de bhun Chomhaontú Alt 85 le Comhairle Cathrach na Gaillimhe) tabhairt faoi.

Tá an Soláthar Faisnéise do Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí faighte agus léite ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá an t-ábhar agus na conclúidí a leagtar amach ann breithnithe aici. Aontaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na conclúidí agus moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí.

Is é cinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil Measúnacht Chuí i ndáil le Cuarbhóthar na Gaillimhe an N6 de dhíth mar nach féidir í a fhágáil ar lár, ar bhonn faisnéis eolaíochta oibiachtúil agus ag féachaint do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe istigh, i ndiaidh scagadh a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe, go mbeidh tionchar mór ag Cuarbhóthar na Gaillimhe an N6 leis féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile ar cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe istigh.

Tá an cinneadh seo déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas, is é sin na foinsí agus conair tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag baint le Cuarbhóthar na Gaillimhe an N6 agus a bhféadfadh leasa/speicis leasa caomhnaithe speisialta agus gnáthóga a bheith i mbaol ó:

(i) Cailliúint dhíreach, ilroinnt agus/nó díghrádú gnáthóg mar thoradh ar thollánú, ar thochailt nó obair eile fhoirgníochta

(ii) Cailliúint dhíreach nó díghrádú gnáthóg mar thoradh ar scáthú ó struchtúir ardaithe

(iii) Díghrádú neamhdhíreach gnáthóg mar thoradh ar an tionchar ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann

(iv) Díghrádú neamhdhíreach gnáthóg mar thoradh ar laghdú ar cháilíocht uisce chuig sruthchúrsaí/dobharlaigh

(v) Díghrádú neamhdhíreach gnáthóg mar thoradh ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha (lena n-áirítear ar chonairí talún agus uisce dromchla) a thabhairt isteach nó a scaipeadh

(vi) Díghrádú neamhdhíreach gnáthóg mar thoradh ar laghdú ar cháilíocht an aeir

(vii) Cur isteach díreach nó neamhdhíreach agus/nó díláithriú ar speicis fauna lena n-áirítear acmhainní / láithreáin póraithe, beathaithe agus torthúlachta.

(viii) Obair fhoirgníochta nó struchtúir bhuana a chuirfeadh cosc ar speicis gluaiseacht agus riosca báis a bheadh ann do speicis fauna ón mbóthar beartaithe.

Tá iarrtha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Scott Cawley Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú agus a thabhairt chun críche a chuirfear ar aghaidh in am trátha chuig An Bord Pleanála chomh maith le hiarratas ar Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 a cheadú.

Tá an cinneadh ar fáil lena scrúdú ag Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh agus ar láithreán gréasáin na Comhairle www.galway.ie

Arna shíniú ag: ______________

Dáta: _______________